Rewarding Learning

| Uimhir Lárionaid | |
|---|---|
| 71 | |

| Uimhir Iarrthóra |
|---|
| |

General Certificate of Secondary Education

2009–2010

# Eolaíocht: Teastas Singil (Modúlach)

## Ag Fanacht Beo
## Modúl 1
## Ardsraith

**[GSC12]**

GSC12

**DÉ CÉADAOIN 24 FEABHRA 2010, MAIDIN**

**AM**

45 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** de na **sé** cheist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 45 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.


| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| Uimhir Ceiste | Marcanna |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| Marc Iomlán | |

1 **(a)** Taispeánann an tábla thíos an méid fuinnimh a bhíonn de dhíth ar ghrúpaí difriúla daoine in aghaidh an lae.

| | **Fuinneamh atá de dhíth in aghaidh an lae/kJ** | |
|---|---|---|
| **Grúpaí daoine** | **Fireann** | **Baineann** |
| Páiste 8 mbliana d’aois | 8800 | 8800 |
| Déagóir 15 bliana d’aois | 12 600 | 9600 |
| Oibrí oifige 25 bliain d’aois | 11 600 | 9500 |
| Tógálaí 25 bliain d’aois | 20 000 | 12 600 |

**(i)** Tarraing **barrachairt** de na riachtanais fhuinnimh seo ar an eangach thíos. [2]

Scrúdaitheoir Amháin
Marcanna | Athmharc



**(ii)** Déan cur síos agus tabhair míniú ar an difear i méid an fhuinnimh a bhíonn de dhíth in aghaidh an lae ar an oibrí oifige fireann agus ar an tógálaí fireann.

______________________________________________________

______________________________________________________

______________________________________________________ [2]

**(b)** Anseo thíos tá cuid den trealamh a bheadh in úsáid le méid an fhuinnimh i mbrioscáin a chur i gcomparáid le méid an fhuinnimh i gcruithneacht mhionstiallta.

feadáin fhiuchta : seastán : sorcóir tomhais :

teanchair : dóire Bunsen : teirmiméadar

Cuir síos ar an dóigh a ndéanfá an turgnamh seo.

Ba chóir go mbeadh rud **amháin** i do fhreagra a rinneadh lena chinntiú go mbeadh na torthaí bailí. (triail chothrom)

______________________________________________________

______________________________________________________

______________________________________________________

______________________________________________________

______________________________________________________

______________________________________________________ [4]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**2** **(a)** I bhfógra teilifíse le haghaidh Flora Buttery, arsa cócaire “is fearr le mórchuid na ndaoine blas Flora ná blas Lurpak Lighter Spreadable”.




© *“Flora and Flora Buttery are trade marks of Unilever Plc. Image reproduced with their kind permission”*




© *Arla Foods Ltd*

Luann an cló beag ag bun an scáileáin ansin:

“Maidir leis an 200 duine a bhí sa suirbhé, is fearr le 48% acu Flora Buttery, is fearr le 45% acu Lurpak Lighter Spreadable, ní raibh aon rogha ag 7% acu”.

**(i)** Cá mhéad duine níos mó is fearr leo Flora ná Lurpak? Taispeáin do chuid oibre.

_______________ [2]

Bhain Gníomhaireacht na gCaighdeán Fógraíochta (GCF) de thátal as an fhógra seo “gur dócha go raibh sé míthreorach”.

**(ii)** An fhaisnéis seo in úsáid agat, luaigh **dhá** fháth ar bhain GCF an tátal seo as.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
|---|---|

**(iii)** Níor chóir do dhaoine a bhfuil galar croí orthu ach úsáid bheag a bhaint as na hearraí seo. Luaigh fáth **amháin** le cad chuige.

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [1]

**(b)** Is galar coitianta eile sa RA é diaibéiteas Cineál 2.

**(i)** Tá méadú ar líon na ndaoine óga a bhfuil diaibéiteas Cineál 2 orthu. Luaigh **dhá** fháth le cad chuige.

______________________________________________________________


______________________________________________________________

______________________________________________________________ [2]

**(ii)** Seachas galar croí, luaigh fadhb (aimhréidh) fhadtréimhse leighis **amháin** a bhaineann le diaibéiteas nach gcóireáiltear nó a rialaítear go holc.

______________________________________________________________ [1]

**3** An córas atáirgthe fireann atá sa léaráid thíos, ach ní thaispeánann sí an fhaireog phróstatach.



© *Illustrated Biology by BS Beckett, published by Oxford University Press, 1978, ISBN 0199140448*

**(a)** **(i)** Tarraing an fhaireog phróstatach ar an léaráid thuas. [1]

**(ii)** Cuir síos ina hiomláine ar an fheidhm atá leis an fhaireog phróstatach.

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [2]

**(iii)** Luaigh fáth a bhfuil dhá uirí ag fireannaigh.

______________________________________________________________ [1]

**(b)** Ainmnigh agus cuir síos ar an ghnáthamh a bhaineann le hobráid aimridithe fireannaigh.

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [2]

**(c)** Síleann daoine áirithe nach ceart modhanna frithghiniúna a úsáid. Luaigh **dhá** fháth le cad chuige.

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**4** **(a)** Mínigh ina iomláine cad chuige a mbíonn an croí níos láidre mar gheall ar aclaíocht rialta.


______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [3]

**(b)** Sa ghraf seo thíos déantar comparáid idir toirt na fola a phumpáiltear, in aghaidh bhuille an chroí, d'Ailín agus d'Áine thar thréimhse ocht nóiméad.




**(i)** Ríomh toirt na fola **breise** a phumpáil Áine in aghaidh bhuille an chroí ag deireadh na haclaíochta.

____________________ ml [1]

**(ii)** Luaigh **dhá** phíosa fianaise sa ghraf a chuireann in iúl go bhfuil croí Ailín níos láidre ná croí Áine.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**5** **(a)** Taispeánann an tábla thíos an céatadán coibhneasta de na bunanna atá in DNA orgánach difriúil.

| | **Céatadán bunanna** | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Orgánach** | **A** | **G** | **T** | **C** |
| Sicín | 28 | 22 | 28 | 22 |
| Francach | 29 | 21 | 29 | 21 |
| Duine | 30 | 20 | 30 | 20 |
| Ochtapas | | 19 | 31 | |

**(i)** Cén patrún do chéatadán na mbunanna atá á léiriú ag an chéad 3 orgánach?

_______________________________________________

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Comhlánaigh an tábla trí chéatadán bun A agus céatadán bun C sa DNA ochtapais a chur isteach. [1]

**(iii)** Ainmnigh na struchtúir ina bhfuil DNA pacáistithe sa núicléas.

_______________________________________________ [1]

**(iv)** Cad é mar atá na 'pacáistí' DNA i speirmchill difriúil leo siúd i gcealla eile an choirp?

_______________________________________________ [1]

**(b)** Dhá cheann de na línte difriúla fianaise a chuidigh le heolaithe struchtúr DNA a shainaithint, is ar an phróiseas de dhíraonadh X-gathanna agus ar phróiseas an tsamhaltaithe a bhí siad ag brath. I gcás gach próisis, ainmnigh an t-eolaí, nó na heolaithe a d'úsáid iad agus cuir síos ar an fhianaise a tháirg siad.

Díraonadh X-gathanna _______________________________________________

_______________________________________________

Samhaltú _______________________________________________

_______________________________________________ [4]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
| --- | --- |
| Marcanna | Athmharc |

**6** **(a)** Is próiseas tábhachtach í fótaisintéis atá riachtanach le haghaidh beatha.

**(i)** Mínigh an ráiteas thuas ina iomláine.

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________ [3]

**(ii)** Ainmnigh **dhá** amhábhar atá riachtanach le haghaidh fótaisintéise agus luaigh cá háit a bhfaigheann an planda gach ceann acu.

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________ [2]

**(b)** Cuir síos ar na príomhdhifríochtaí idir próiseas na fótaisintéise agus próiseas na riospráide.

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________ [2]

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

2090-012-1